COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2013 (03.12)**
**(OR. en)**

**16680/13**

**LIMITE**

**FISC 230**

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Le linn an chruinnithe a bhí aici an 20 Samhain 2013, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an dréacht-tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle.

2. Mar is gnách, ba cheart go mbeadh an tuarascáil seo ag gabháil leis na Conclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thíos:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:

- is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód le linn Uachtaránacht na Liotuáine mar a leagtar amach ina tuarascáil (16656/13 FISC 226);

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoin bPacáiste Oibre 2011;

- iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé leis an Eilbhéis agus é a thabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2014, mar a leagtar amach sa tuarascáil;

- iarrann sí ar an Meitheal leanúint den bhreathnú ar an dréacht-treoir maidir le hEintiteas Hibride agus Neamhréireanna Buanbhunaíochta Hibride;
- iarrann sí ar an Meitheal anailís a dhéanamh ar an tríú critéar den Chód Iompair mar atá sa sainordú atá ann faoi láthair roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2014;
- iarrann sí ar an Meitheal measúnú nó breathnú a dhéanamh ar na boscaí paitinne uile atá sa AE, lena n-áirítear iad siúd a raibh measúnú nó breathnú déanta orthu cheana féin roimhe seo, agus comhsheasmhacht á háirithiú le prionsabal an chaithimh chomhionann, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le tionscnamh ECFE CBAB;
- iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Gréige."

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a chur ar aghaidh chuig an gComhairle:

- an tuarascáil (16656/13 FISC 226) mar aon leis
- na dréacht-chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas

agus a mholadh go bhfuil sí i bhfabhar an tuarascáil agus na dréacht-chonclúidí a bheith mar mhíreanna "A" ar an gclár oibre atá aici.